BILEOG EOLAIS

MÓRLÁNA BUS BHRÉ

RÉAMHRÁ

Faoi láthair tá Oifig Tionscadail Ghréasán na Mórlánaí Bus, thar ceann Chomhairle Baile Bhré, ag lorg aighneachtaí ón bpobal ar mholtaí go gcuirfear Mórlána Bus nua i mBaile Bhré.

CEN FÁTH A BHFUIL SIN Á DHÉANAMH?

Tá plódú tráchta ag cur crua ar Bhaile Bhré agus ar a lán bailte agus baineann cuid de sin leis an úsáid mhór a bhaintear as gluaisteáin phríobháideacha. Táimid ag iarraidh go mbeidh daoine i bhfad níos toilteanaí taisteal ar an mbus agus dá bhrí sin táimid ag cur Conairí Ardchaighdeáin Bus isteach ar fud an bhaile.

CAD É ATÁ I GCEIST SA SCÉIM?

Beidh lána bus nua ag dul ó thuaidh ar an tSráid Mhór agus ar na bóithre isteach atá tadhlach leis agus uasghrádófar cosáin, trasrianta coisithe agus stadanna bus. Aistreofar roinnt áiteanna páirceála ar an tsráid. Tá sonraí iomlána na scéime ar taispeáint i líníochtaí na scéime.

CAD É AN TORADH A BHEIDH LÉI?

- BUSANNA: giorrófar amanna na dturas agus feabhsófar iontaofacht na seirbhíse mar gheall ar an lána bus nua.
- ROTHAITHE: beidh na lánaí bus in úsáid acu ar feadh 12 uair an chloig; feabhsófar na áiteanna feithimh ag na hacomhail agus beidh áiteanna nua páirceála rothar ar fáil.
- COISITHE: uasghrádófar trasrianta coisithe agus cosáin chun sábháilteacht coisithe a fheabhsú.
- TRÁCHT: uasghrádófar na hacomhail chun go bhfeabhsófar an dóigh a mbainisteofar an trácht.

CAD É AN STÁID INA BHFUIL AN SCÉIM ANOIS?

Tá an scéim á pleanáil faoi láthair, dá bhrí sin níl cinneadh déanta go fóill faoi ar chóir dul ar aghaidh léi nó nár chóir.

CÁ MBEIDH SEO AG TARLÚ?

Moltar an scéim seo don tSráid Mhór agus do Shráid an Chaisleáin, Bré. Beidh Bóthar Florence, Bóthar Quinsborough, Bóthar Vevay agus Bóthar Chill Airne, atá cóngarach, i gceist chomh maith, mar atá aibhsithe ar an léarscáil thíos.



AN FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL?

Is féidir. Beidh líníochtaí ar fáil lena n-iniúchadh ó Dé Luain 28 Meán Fómhair 2009 go dtí Dé hAoine 13 Samhain 2009, sna háiteanna seo a leanas:

- Oifigí Chomhairle Baile Bhré, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin.
- Leabharlann Bhaltraim, Bóthar Boghall, Bré, Co. Chill Mhantáin.
- Leabharlann Phoiblí Bhré, Bóthar Eglinton, Bré, Co. Chill Mhantáin.

Is féidir an bhileog eolais seo, chomh maith leis na pleananna mionsonraithe, a fheiceáil ar an suíomh gréasáin www.braytowncouncil.ie agus a íoschóipeáil.

AN FÉIDIR LIOM MO THUAIRIM AR NA MOLTAÍ A THABHAIRT?

Is féidir. Is tábhachtach linn do chuid tuairimí. Má tá tuairimí agat ar na moltaí:

- Scríobh isteach sa spás thios iad agus cuir isteach sa bosca tuairimí iad le do thoil ag áit a bhfuil an scéim ar taispeáint;
- Scríobh le do thoil chuig: Cléireach Baile, Oifigí Chomhairle Baile Bhré, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin.Cuir r-phost chuig: tclerk@braytc.ie

Cuimseofar tuairimí a gheofar roimh 4.30pm, Dé Luain, 30 Samhain 2009, sa tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus sa fhreagra.

CAD É A THARLÓIDH INA DHIAIDH SIN?

Is mór an chabhair iad do chuid tuairimí agus muid ag iarraidh na nithe a bhfuil tú buartha fúthu a thuiscint agus nithe a aimsiú nár smaoiníomar cheana orthu. Úsáidfimid an t-aiseolas sin chun cinntí níos fearr agus níos feasaí a dhéanamh.

Ullmhófar tuarascáil ina ndéanfar cur síos ar na ceisteanna agus ar na tuairimí a fuarthas le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí agus tabharfar freagraí orthu. Cuirfear gach aiseolas san áireamh, agus cinntí á ndéanamh, ach cloífidh na pleananna leis na cheanglais airgeadais, dlí, sábháilteachta agus teicniúla.

Nuair a dhéanfar cinneadh cuirfimid sin in iúl do dhuine ar bith a rinne aighneacht agus a thug sonraí teagmhála dúinn le linn an chomhairliúcháin. Lena chois sin foilseofar an toradh ar an suíomh gréasáin www.braytowncouncil.ie (cliceáil ar an nasc *Bray Quality Bus Network).*

CAD É ATÁ LE RÁ AGAM!

Comhlánaigh an ceistneoir seo le do thoil agus inis dúinn cad é do thuairim faoi na moltaí.

Ainm _____

Seoladh _____

_____

_____

Cad é mar a chuirfeá síos ort féin? Cuir tic de réir mar is iomchuí.

Cónaitheoir sa cheantar ☐

Trádálaí / gnó ☐

Gluaisteánaí ☐

Úsáideoir bus ☐

Rothaí ☐

Coisí ☐

Má tá aon tuairimí le nochtadh agat féin ar an scéim atá molta, scríobh isteach iad sa spás atá curtha ar fáil thíos le do thoil: -

_____

_____

_____

_____